OÍCHE MHÓR AG MEITHEAL 2006 – AN T-AONACH TURASÓIREACHTA IS MÓ IN ÉIRINN



SEÓ CAPALL BHAILE ÁTHA CLIATH – LE TACAÍOCHT ÓN TIONSCNAMH TURASÓIREACHTA SPÓIRT IDIRNÁISIÚNTA

SEOLANN MARY HANAFIN, AN TÁIRE OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA (AN DARA DUINE ÓN GCLÉ) AN CLÁR FEASACHTA TURASÓIREACHTA NUA DE CHUID FÁILTE IRELAND AG DVBLINIA

FEACHTAS MARGAÍOCHTA FÁILTE IRELAND D'ÉIRINN 2006 – LET'S PLAY



Fáiltimid roimh an mbéim atá curtha ar an turasóireacht laistigh den Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá an maoiniú tráthúil i bhfianaise ár spriocanna uailmhianacha do 2012. Is é ár gcuspóir a chinntiú go ndéanfar na hacmhainní ar fad atá ar fáil a infheistiú chun an buntáiste is fearr a fháil do thionscal na turasóireachta agus don eacnamaíocht go hiomlán.

Dá réir sin, caithfidimid a chinntiú go bhfeabhsóimid agus go gcuirfidimid le taithí an 10 milliún cuairteoir atá mar sprioc againn faoi 2010.

Fanann forbairt inbhuanaithe na turasóireachta mar sin ina phríomhfhócas ar fud na réigiún ar fad. Chumasc na cúig Údarás Turasóireachta Réigiúnacha a gcuid oibríochtaí agus a gcuid feidhmeanna le Fáilte Ireland i lár 2006. Is é cuspóir na struchtúir nua riachtanais turasóireachta a tharraingt isteach i gcroílár fhorbairt beartas agus ag an am céanna feabhas a chur ar na réimsí tacaíochta agus na seirbhísí atá ar fáil don tionscal ar fud na réigiún.

Bunaíodh cúig Bhord Forbartha Turasóireachta Réigiúnacha nua - san iarthuaisceart, san iarthar, san iardheisceart, san oirthear agus i lár tíre ag teacht le moltaí Athbhreithniú ar Thurasóireacht Réigiúnach de chuid PricewaterhouseCoopers. Tá ionadaithe ó phobail thurasóireachta agus lucht gnó mar bhaill de na Boird seo, mar aon le hionadaithe ó údaráis áitiúla agus Fáilte Ireland.

Cé go bhfuil sé luath a rá fós, is léir go bhfuil na Boird Chomhpháirtíochta seo á mbunú féin go rathúil taobh laistigh dá réigiún. Tá siad ag oibriú leis an tionscal turasóireachta réigiúnach agus leis na húdaráis áitiúla iomchuí le tacaíochtaí agus idirghabháil a chruthú i réimsí mar mhargaíocht, cur chun cinn, forbairt táirge agus tacú le fiontair. Chuaigh na Boird i gcomhairle go forleathan leis an tionscal turasóireachta ina réigiún, agus ar an mbonn sin tá siad ag forbairt a gcéad straitéisí trí bliana agus tá siad ag súil leis sin a sheoladh chuig a gcomhpháirtithe sna tionscail réigiúnacha san Fhómhar.

Creidimid go soláthróidh na struchtúir nua comhpháirtíochta sin fórsa dinimiciúil a bheidh maoinithe go maith chun cuidiú le hathshlánú na turasóireachta feadh na réigiún ar fad.

Tá tábhacht i gcónaí le feabhas a chur ar rochtain dhíreacha aeir agus farraige ar Éirinn agus ar na réigiúin. D'fháiltíomar roimh leathnú rochtain nua aeir in 2006 agus le minicíocht seirbhísí, agus le gairid anuas, tar éis dhíospóireacht fhada, thug Airí Iompair an AE an Comhaontú Eitlíchtha Open Skies an AE/SA chun críche. Ní raibh an leibhéal spéise maidir le cuairt a thabhairt ar Éirinn chomh ard riamh i measc na Meiriceánach agus atá sé faoi láthair agus tá rochtain dhíreacha ón líon cathracha sna Stáit Aontaithe ag ardú agus cuideoidh sé sin leis an ngnó a leathnú go mór i Meiriceá Thuaidh.

Ach mar sin féin is ón mBreatain a thagann beagnach trian de chuairteoirí Mheiriceá Thuaidh agus dhá thrian de thaistealaithe ó limistéir eile atá i bhfad ó bhaile. Ciallaíonn sé sin go mbeidh tábhacht straitéiseach ar leith ag baint le Heathrow i gcónaí sa mheántearma agus san fhadtéama is cuma cé mhéid rochtain nua a ndéantar forbairt orthu, agus beidh cothabháil sliotáin Aer Lingus ag Heathrow lárnach anseo.

Tá féidearthachtaí ag Éirinn i gcónaí méadú tapaigh a chur ar bhrabús na turasóireachta gnó. Caitheann turasóirí gnó 50% ar an meán níos mó sa lá ná turasóirí fóillíochta agus is minic leo fanacht sa tír i ndiaidh a ngnó a bheith tugtha chun críche ar mhaithe lena scíth a ligean. Meastar gur fiú €470 milliún sciar na hÉireann faoi láthair den tionscal luachmhar domhanda €40 billiún seo.

Chuir Fáilte Ireland i láthair a mBranda Turasóireachta Gnó in 2006. Cuidíonn an branda seo linn an méid ar fad atá le tairiscint ag Éirinn a chur faoi aon bhranda amháin agus cuidíonn sé leis an tionscal díriú ar na réimsí turasóireachta gnó a bhfuil an sochar is mó á thairiscint acu.

Sa chomhthéacs sin, tá fáilte roimh an fhógra a rinne an tAire le gairid maidir le conradh a bhronnadh chun Ionad Náisiúnta Comhdhála, Baile Átha Cliath a thógáil. Soláthróidh an tIonad seo borradh tábhachtach don turasóireacht gnó agus cuirfidh sé ar chumas an tionscal tuilleadh gnó a mhealladh ag an leibhéal is airde den mhargadh idirnáisiúnta, go háirithe dreasachtaí gnó agus teascáin comhdhála.

Rathúlacht sa Turasóireacht: céard atá ar siúl ag gnólachtaí cliste chun a bheith i lár an mhargadh, an téama a bhí ag Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta Fáilte Ireland i mí na Samhna. Ba é croi-théama na Comhdhála, a bhí mar rang eiseamláireach éifeachtúil ar bhaint amach rathúlacht trí nuálaíocht, táirgiúlacht agus cúram custaiméirí, an tábhacht atá i mbaint amach agus i gcothabháil buntáiste iomaíochta. Níl sa mhargaíocht agus sa chur chun cinn, cé go bhfuileadar tábhachtach ach leath den scéal: caithfidimid a chinntiú go sáraíonn an tseirbhís agus an taithí ionchais na gcustaiméirí. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear aire níos fearr a thabhairt agus sinn ag eagrú ár ngnólachtaí ó thaobh éifeachtúlachta agus fiúntais de.

Ba é Corn Ryder ceann de bhuaicphointí 2006. D'fhreastail os cionn 260,000 duine, ar a n-áirítear 1,000 iriseoir ó 24 tír, ar an ócáid iontach seo a bhí ar siúl sa K Club i gContae Chill Dara le linn an tseachtain deireadh de Mheán Fhómhair. Ba bhfiú €143 milliún an ócáid d'eacnamaíocht na hÉireann de réir luacháil neamhspleách eacnamaíoch. Sáraíonn sé sin an tuar de 10% a bhí déanta againn roimh an ócáid. Ní áiríonn sé na tionchair bhreise a bhí ag an gcaiteachas a caitheadh níos déanaí trí athchúrsaíl san eacnamaíocht.

Ach ba é fíorluach fadtéarmach Chorn Ryder an oidhreacht a d'fhág sé ina dhiaidh ó thaobh forbairt agus cur chun cinn táirgí forbartha gailf. Tá Fáilte Ireland meáite ar chur leis an oidhreacht sin. Is iomaí iriseoir turasóireachta spóirt agus tionscnóirí turais a thug cuairt ar Éirinn ó aimsir Chorn Ryder agus chonaic siad táirge gailf den scoth na hÉireann ó chúrsaí nasc-thrófaí

go cúrsaí páirce le luach ar airgead. Is é an dúshlán anois ná an leibhéal ard aitheantais a fuair Éirinn ó Chorn Ryder a aistriú chuig turais ghaillf go hÉirinn.

Is é ár gcuspóir in Fáilte Ireland, cur le líon na gcuariteoirí gailf go hÉirinn go dtí os cionn 180,000 faoin mbliain 2010. Dúblóidh sé sin an líon a tháinig in 2005. Ghinfeadh sé sin €75 milliún breise sa bhliain don tionscal turasóireachta.

Mar thátal, ba mhaith liom béim a chur arís, mar a rinne mé sna blianta seo caite, ar an tábhacht a chuireann Fáilte Ireland ar dhlúthchaidreamh a thógáil agus a chothabháil le gach earnáil den tionscal turasóireachta agus go háirithe, le comhlachtaí ionadaíochta an tionscail. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh sin as a dtacaíocht agus a gcuid oibre i rith 2006.

Glacaim buíochas arís thar cheann Údarás Fáilte Ireland le John O'Donoghue, TD, An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, as a thacaíocht bhríomhar i rith 2006 agus mar a d'éirigh leis leibhéal mhaoinaithe den scoth a fháil tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta dár gcuid oibre in 2007 agus níos faide ar aghaidh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin do Chomhaltáí Údarais Fáilte Ireland as an méid ama, fuinnimh agus taithí luachmhar a thugadar d'obair Fáilte Ireland.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas le Shaun Quinn, An Príomhfheidhmeannach agus lena fhoireann as a dtiomantas Turasóireacht na hÉireann a fhorbairt sa tréimhse dhúshlánach seo.

Gillian Bowler  
Cathaoirleach



## Buaicphointí 2006

- D'fháiltigh Éirinn roimh 7.4 milliún cuairteoirí ó thar lear in 2006, ardú 10% ar 2005. Tháinig ardú 10% ar thuillimh ó mhalartú coigríche go €4.7 billiún. Is ionann sin agus an cúigiú bliain as a chéile inar tharla fás agus bliain den scoth a bhí inti maidir do thurasóireacht na hÉireann.
- Choinnigh fás an líon lucht saoire ó thar lear de 10%, leis an ráta fáis foriomlán cuairteoirí. Bhí cuid shuntasach den fhás i gcuariteoirí ó thar lear agus in oícheanta turasóirí mar thoradh ar láidreacht na margaí atá ag teacht chun cinn in Oirthear na hEorpa.
- Thainig ardú de 20% go €1.4 billiún ar an gcaiteachas o thurais bhaile. D'fhás turais bhaile 14% agus d'ardaigh an caiteachas ar shaoire baile 23% go €873 milliún. Ba é margadh na sosanna gearra príomhthiománaí an fháis sna saoirí baile.

- D'fheabhsaigh an dáileadh réigiúnach turasóireachta agus thuairisc réigiún chosta an Iarthair, an Iardheisceart, réigiún na Sionainne agus an tIarthar fás níos mó ar an líon cuairteoirí ná Baile Átha Cliath agus réigiún an oirthir.
- Chomhnasc na cúig Údarás Turasóireachta Réigiúnacha a gcuid oibríochtaí le Fáilte Ireland agus bunaíodh Boird Fhorbartha Turasóireachta Réigiúnach i Lár Tíre agus san Oirthear, san Iardheisceart, san Oirdheisceart, san Iarthar agus san Iarthuaisceart. Riachtanais fhorbartha turasóireachta na réigiúin a thabhairt níos gaire do lár an bheartais náisiúnta turasóireachta agus tacaíocht thurasóireachta níos fearr a thabhairt don tionscal sna réigiúin an chuspóir atá leis seo.
- Bhí Corn Ryder mar phointe fócais infheistíochta agus cur chun cinn ag Fáilte Ireland le roinnt mhaith blianta

- anuas. B'fhiú €143 milliún an ócáid d'eacnamaíocht na hÉireann de réir tuairisce nua neamhspleách de chuid Deloitte & Touche. Is í an aidhm agus an dúshlán anois tógáil ar an bpoiblíocht a fuair an ócáid agus dúbailt a dhéanamh ar an líon cuairteoirí gailf go hÉirinn faoi 2010 i gcomparáid le 2005.
- Phróséail Fáilte Ireland os cionn 300 iarratas ar mhaoiniú in 2006 faoin Tionscnamh Imeachtaí Cultúrtha agus Féilte. Tugadh tacaíocht do 274 imeacht agus infheistíodh os cionn €3.2 milliún.
- Bhí an Cheardlann bhliantúil Trádála Taistil - Meitheal 2006 - ar siúl i gCill Airne an 8 agus 9 Bealtaine. Rinneadh dhá mhíle dhéag coinne gnó le linn an dá lá a raibh an Cheardlann ar siúl. Thug an ócáid deiseanna maithe líonraithe agus teagmhála do thionscnóirí turais agus do tháirgeoirí lena gcuid teagmhálacha a láidriú.

GLACANN MIC LÉINN PÁIRT SA CHOMÓRTAS FÁILTEACHAIS AGUS TURASÓIREACHTA IDIRNÁISIÚNTA AG AN 19ú COMHDHÁIL AGUS COMÓRTAIS DE CHUID AEHT I GCILL AIRNE

BRONNANN AIDAN PENDER, FÁILTE IRELAND (AR CHLÉ) DÁMHACHTAINÍ OPTIMUS FÁILTE IRELAND AG FARMLEIGH, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH.



AN TÁIRE JOHN O'DONOGHUE LE CATHAOIRLEACH FÁILTE IRELAND, GILLIAN BOWLER (INA SUÍ) AG AN GCÉAD CHRUINNÚ A TIONÓLADH I MBAILE ÁTHA CLIATH DEN CHÚIGEOR CATHAOIRLEACH RÉIGIÚNACHA NUA

SEOLANN FÁILTE IRELAND CLÁR IMEACHTAÍ CHORN RYDER I CHQ BHAILE ÁTHA CLIATH LEIS AN AIRE JOHN O'DONOGHUE AGUS SHAUN QUINN, FÁILTE IRELAND







SHAUN QUINN  
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Bliain dhearfach den chuid is mó a bhí in 2006 do thionscal turasóireachta na hÉireann. Ba bhliain í ar bhain an tionscal amach feidhmíocht tráchtála láidir ar an iomlán, bhí roinnt athruithe struchtúrtha ann nuair a bunaíodh cúig Bhord Forbartha Turasóireachta Réigiúnacha nua le tacaíochtaí agus seirbhísí níos fearr a sholáthair don turasóireacht sna réigiúin.

Ó thaobh a bhfuil bainte amach againn tá ardú thar na bearta tagtha ar an líon cuairteoirí agus ar an teacht isteach ó na margáí baile agus ó na margáí ó thar lear araon. Chomh maith leis sin, bhí fianaise ann go raibh dáileadh níos cothroime á dhéanamh ar bhuntáistí a bhí bainte amach againn do ghnólaigh turasóireachtaí ná mar a bhí ag tarlú go dtí seo. Rud mór eile a bhaineadh amach ná Corn Ryder ar éirigh thar barr leis agus a léiríonn go dearfach cumas na hÉireann imeachtaí móra spóirt idirnáisiúnta a réachtáil agus is maith an tuar é seo dúinn chun ócáidí den sórt céanna a mhealladh amach anseo.

Is iad an pobal a chuirfidh rath ar fheidhmíocht na turasóireachta in Éirinn ar ndóigh. Cuireann grúpaí gairmiúla agus tiomanta i ngach roinn agus i ngach earnáil den tionscal le forbairt leanúnach na hÉireann ó thaobh turasóireachta den scoth a fhorbairt. Tá Fáilte

Ireland tiomanta an oiliúint is fearr a sholáthar ó chúrsaí leibheál iontrála go dtí leibheál na dtionscnóirí turais is fearr ar domhain. Agus ar deireadh, táimid tiomanta ar thacú leis an tionscal caighdeán sármhaitheasa a shroicint agus a shárú ionas go mbeidh sé ar chumas na hÉireann taithí saoire den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí atá ag éirigh níos géarchúisí.

Seo a leanas achoimre ar bhuaicphointí na bliana:

### Feidhmíocht Na Turasóireachta

Reachtáil Éirinn an líon is mó cuairteoirí ó thar lear riamh – 7.4 milliún - in 2006, ardú beagnach 10% ar an mbliain roimhe sin. D'ardaigh tuillimh ó mhalartú coigríche turasóireachta idirnáisiúnta freisin 10% go €4.7 billiún sa tréimhse chéanna. I gcomparáid le roinnt blianta anuas, tháinig ardú ar an líon oícheanta saoire turasóirí ó thar lear, cuid shuntasach den ardú seo na margáí atá ag teacht chun cinn in Oirthear na hEorpa. Tháinig feabhas freisin in 2006 ar réigiúin chósta an iarthair, an lardheiscirt, na Sionna agus an iarthair tráth ar tuairiscíodh arduithe thar an meán cuairteoirí ó thar lear.



COMHALTAÍ D'FHOIREANN NA HÉORPA DARREN CLARKE, PAUL MCGINLEY AGUS PÁDRAIG HARRINGTON, AGUS CORN RYDER ACU TAR ÉIS É A BHUACHAN AG AN K CLUB, CO. CHILL DARA.

AG FREASTAL AR CHOMHDHÁIL TURASÓIREACHTA NÁISIÚNTA FÁILTE IRELAND – *THRIVING IN TOURISM: WHAT SMART BUSINESSES ARE DOING TO STAY AHEAD, A TIONÓLADH I MBAILE ÁTHA CLIATH.*



THÁINIG ARDÚ **10% go dtí €4.7 billiún** AR THUILLIMH COIGRÍCHE Ó THURASÓIREACHT IDIRNÁISIÚNTA I GCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN. THÁINIG ARDÚ AR AN LÍON OÍCHEANTA A CHRUTHAIGH CUAIRTEOIRÍ Ó THAR LEAR FREISIN.

BAINÉANN BAINISTEORÍ CÁILÍOCHT AMACH Ó CHLÁR FORBARTHA BAINISTÍOCHTA DE CHUID FÁILTE IRELAND/CORNELL, AG COLÁISTE NA TRÍONÓIDE



Thuairsc an margadh baile ardú 20% ar chaiteachas baile foriomlán in 2006 agus tháinig ardú 14% agus 23% faoi seach ar thurais saoirí baile agus ar chaiteachas. B'fhiú €1.4 billiún turais bhaile agus chruthaigh 3.8 milliún turais shaoire baile ioncam de €873 milliún.

Tháinig ardú maith ar an úsáid a bhain turasóirí as Éirín as óstáin, go háirithe sosanna gearra agus lean an claonadh i dtreo óstáin agus cóiríochtaí nach raibh chomh foirmiúil a bheith ag tógáil sciar níos mó d'óicheanta saoire turasóirí.

Tháinig ardú 18% ar thurasóirí ó thar lear ó mhórthír na hEorpa le hardú dúbailte ar mhargáí traidisiúnta mar an Iodáil, an Fhrainc, an Spáinn, an Bheilg agus an Ostair. Bhí ardú ollmhór freisin ar na margáí atá ag teacht chun cinn in Oirthear na hEorpa tríd is tríd, go háirithe an Pholainn. Tháinig ardú maith ar thurasóirí ó Mheiriceá Thuaidh freisin (10%) in 2006 agus shroich margáí na Stáit Aontaithe na buaicphointe a shroicheadar in 2000 agus tá siad réidh anois d'fhás ceart tar éis ceithre bliana a chaitheadh ag teacht chucu féin. Tháinig ardú ar líon na gcuairteoirí ón mBreatain chomh maith leis na margáí i bhfad ó bhaile 5% agus 9% faoi seach.

### Scileanna Daoine Agus Gnó A Fhorbairt

Sheol Fáilte Ireland Líonraí Foghlama Turasóireachta in 2006 ar bhonn 27 contae agus bhí 500 gnólacht rannpháirteach iontu. Tacaíonn na Líonraí le fiontair bheaga agus fiontair meánmhéide lena gcumas gnó a fhorbairt trí phróisis fhoghlama gníomhach, líonrú agus scileanna gnó a fhorbairt.

Cuireadh tús leis an tríú Clár Forbartha Bainistíochta in 2006. Ghlac fiche cúig bainisteoir sinsearach/úinéirí tithe lóistín ar fud na tíre páirt sa Chlár lena n-áirítear modúil ar riachtanais bhainistíochta, seisiúin theagaisc in Ollscoil Cornell, cuairteanna ar shuímh thurasóireachta i Nua-Eabhrac, agus comhpháirteanna ríomhfhoghlama i gcomhar le eCornell.

Earcaíodh seasca cúig bainisteoir faoi oiliúint faoin gClár Forbartha tionscal-bhunaithe do Bhainisteoirí faoi Oiliúint a thosaigh i mí na Samhna in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo (GMIT).

D'fhreastail os cionn 1,000 toscaire, iomaitheoir agus mac léinn ar an 19ú Comhdháil Eorpach d'Óstáin agus Scoileanna Turasóireachta agus Comórtais (AEHT) ar bhí ar siúl i gCill Airne i mí na Samhna. Thaispeáin an ócáid mic léinn ceirde gairmiúla sna ranna turasóireachta agus fáilteachais agus rinneadh cur i láthair ar ghairm bheatha sa turasóireacht do mhic léinn dara leibhéal as Corcaigh, Ciarraí agus Luimneach.

Cháiligh os cionn 2,000 oiliúnaí as cláir oiliúna Fáilte Ireland agus bronnadh teastais FETAC orthu. Chuir os cionn 900 mac léinn nua tús le cláir oideachais Fáilte Ireland in institiúidí teicneolaíochta, mar cócaireacht ghairmiúil, scileanna beair agus fáilteachas turasóireachta (FETAC leibhéal 6), chomh maith le cláir céime i scileanna cócaireachta agus i mbainistiú beair (HETAC Leibhéal 7).

Rinneadh forbairt ar réimse ceardlanna maidir le cúram do chustaiméirí agus margáiocht ar fud na tíre chun cuidiú le riachtanais earnáil na heachaíochta. Tá a leithéid seo de cheardlanna beartaithe d'earnálacha eile in 2007.

### Tacaíochtaí Gnó Praicticiúla A Sholáthair

Forbraíodh tacaíochtaí nua gnó agus bainistiú ar-líne a chlúdaíonn réimsí mar bainistiú fuinnimh, tosú gnó, seicliosta gnó eadargnaíoch agus binsemharcáil airgeadais. Seoladh Seirbhís Chomhairleach Gnó nua i mí na Bealtaine le comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le saincheisteanna feidhmíochta gnó. Tá an tSeirbhís seo ceaptha le feidhmíocht bhrabúsachta agus bhainistíochta a fheabhsú go háirithe sna SMEanna.

Seoladh Creat nua Táirgiúlachta agus Feidhmíochta don earnáil fháilteachais i Meán Fómhair sa bhreis ar an réimse tacaíochta gnó agus bhainistíochta atá ar fáil faoin sraith seirbhísí agus táirgí d'Fheidhmíochtaí Breise agus rinneadh roinnt faisnéisiú réigiúnach ar fud na tíre.

Soláthraíodh oiliúint agus tacaíochtaí don earnáil B&B agus do chomhlachtaí eile i réimse an ICT laistigh de théarmaí tagartha na Scéime Tacaíochta d'Earnálacha Beaga trí shraith clár sainoiriúnacha a reáchtáil in ionaid oideachais an Choiste Ghairmoideachais i 14 contae. Beidh an tionscnamh seo ar siúl i 20 contae in 2007 agus táthar ag súil go nglacfaidh suas le 1,000 úinéir/oibreoir páirt sna cláir.

Chun cur le torthaí thuarascáil BDO Simpson Xavier ar earnáil na B&Bna tá forbairt ar siúl i réimsí na pleanála straitéise agus margáiochta na n-earnálacha turasóireachta tuaithe agus i gcóiríochtaí tithe feirme. Bíonn cruinnithe athbhreithnithe agus pleanála ar siúl le hearnálacha eile freisin lena n-áirítear féinchóiríocht, tithe lóistín tuaithe agus bailte, carbháin agus campáil agus brúnna saoire.

### Caighdeán Agus Sárchleachtas A Chur Chun Cinn

Thángthas ar chomhaontú le Cónaidhm Óstáin na hÉireann (IHF) maidir le scéim nua rangaithe d'óstáin nua. Cuirfear an scéim nua i láthair de réir a chéile in 2007 agus beidh fáil uirthi i ngach foilseachán agus ar an láithreán gréasáin i 2008. Rinneadh dul chun cinn freisin leis an IHF maidir le scéim rangaithe nua d'earnáil na dtithe aíochta agus bhí réamhchainteanna ar siúl le hionadaithe B&Bna maidir le rangú don earnáil sin.

Bronnadh na Gradaim Optimus náisiúnta i mí Eanáir, i mí Iúil agus i mí na Nollag agus tá creidiúnú tugtha do 83 fiontar ag leibhéal sármhaitheasa, sárchleachtas agus ag leibhéal sármhaitheasa gnó. Eagraíodh turais staidéir binsemharcála do 20 cuideachta de chuid Optimus chuig an Health and Wellness Centre sa Sheraton Grand Hotel agus sa One Spa, i nDún Éideann agus do 20 ionadaithe eile tionscal chuig an Jumeirah Hotel Group i Dubai.

Rinne taighde Fáilte Ireland monatóireacht ar threochtaí, rinneadh caighdeán táirge a bhinsemharcáil, tomhasadh fostaíocht san earnáil, d'fhéach ar fhoinsí faisnéise agus riachtanais agus scrúdaigh príomhshaincheisteanna forbartha. Áirítear leis an gclár taighde a rinneadh in 2006, *Suirbhé ar Thaistealaithe ó Thar Lear bliantúil*, an *Suirbhé ar Dhearcaí na gCuariteoirí* agus an *Suirbhé Óstán*. Rinne an *Suirbhé Baraiméadar Turasóireachta*, suirbhé gréasánbhunaithe an tionscail a bhreithníonn staid an tséasúir, ceithre huairé, agus rinneadh monatóireacht ar áitíocht sna hearnálacha tithe aíochta, B&B, brúnna agus féinchóiríocht idir Aibreán agus Deireadh Fómhair.

SEOLANN FÁILTE IRELAND AN CREAT TÁIRGIÚLACHTA AGUS FEIDHMÍOCHTA NUA PERFORMANCE PLUS AG AN GCEOLÁRAS NÁISIÚNTA



Tugadh chun críche an taighde ar tháirge do mhargaíocht agus d'fhorbairt ó thaobh sláinte agus folláine agus seoltóireachta de agus lean an *Suirbhé Fostaíochta agus Gnó Turasóireachta* le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal fostaíochta agus soláthraíodh sonraí ar oiliúint inn earnáil an fháilteachais. Coimisiúnaíodh taighde freisin le breathnú ar an meoin reatha i leith nuálaíocht, iomaíochas, táirgiúlacht agus foghlaim i measc fiontair bheaga agus fiontair mhóra turasóireachta.

Áiríonn tuilleadh taighde staidéar ar na suímh is coitianta saoire, an chúis a dteitear ar saoire in Éirinn agus na foinsí eolais a d'úsáid cuairteoirí a d'fhéadfadh a bheith ann sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann agus iad ag pleanáil a gcuid saoire. Rianaigh an taighde freisin éifeachtacht fheachtas fógraíochta na hÉireann ó thuaidh agus ó dheas araon.

### Nuálaíocht Agus Forbairt Táirge

Bhí maoiniú ar fad na Scéime Forbartha Turasóireachta Táirgí (TPDS), ón nPlean Forbartha Náisiúnta, 2000-2006, tiomanta. Chruthaigh an tríú glaoh ar mholtaí faoin fho-bheart Bhainistíú Chomhshaoil 28 iarratas ar mhaoiniú agus ceadaíodh 16. Bhí tacaíocht á thabhairt faoi dheireadh na bliana do 80 tionscadal faoin TPDS, le cabhair deontais de suas le €49 milliún.

Thionscain Fáilte Ireland an treo nua fáis is fearr d'Éirinn i bhfianaise treochtaí reatha a thaispeáineann laghdú ar an tréimhse fanachta, laghdú ar úsáid roinnt táirgí sainspéise agus ar thrácht turasóireachta chuig na réigiúin. Scrúdaigh an taighde treochtaí stíl mhaireachtála tomhaltóirí, treochtaí turasóireachta agus an deighilt ó thaobh oibre sula breathnaíodh ar an tslí a bhféadfadh Éire riachtanais aitheanta na spriocmháltóirí a chomhlíonadh. Aithníodh ceithre

thionscadal píolótach agus aithníodh pleananna forbartha chun tástáil a dhéanamh ar an treocht nua - saoire teaghlaigh san oirdheisceart, cultúr traidisiúnta san iarthar, eachtra 'bog' san iardheisceart agus bia i lár tír.

### Saoirí Baile

Bhí iomaíochas leanúnach i ndán don mhargadh saoire baile ó chinn scríbe nua ar a bhfreastalaíonn iompróirí ísealchostais agus bhí sé faoi réir éilimh ó thomhaltóirí, éilimh a bhí ag síorathrú ó thaobh saoirí níos giorra, tréimhsí níos giorra d'áirithintí agus níos mó úsáide á bhaint as an idirlín.

Leanadh leis an bhfógraíocht ó Feabhra go Nollaig ag baint úsáide as an teilifís agus as an bpreas daite chun teachtaireacht láidir branda a bhrú. Tugadh tacaíocht dó trí chur chun cinn tairiscintí ó láithreáin gréasáin agus tairiscintí speisialta ar an raidió, sa phreas agus i bhfógraíocht lasmuigh. Dhírigh an feachtas €3 milliún seo ar thaitneamhachtaí agus ar ócáidí réigiúnacha ar leithligh agus ar thairiscintí gaolmhara ar phraghas iomaíoch trí láithreáin ghréasáin ireland.ie

Bhí tairiscintí a bhí réasúnach ó thaobh praghas de le fáil ón tionscal léirithe ar láithreán gréasáin athfhorbartha ireland.ie agus eolas sonrath eagraithe de réir contae, le deiseanna áirithint a dhéanamh ar líne chomh maith le léarscáilíu lánpháirtíochta agus bealaí pleanáilte a bheadh úsáideach. Leanadh le lánpháirtíocht an láithreáin gréasáin réigiúnach agus tá na moil réigiúnacha léirithe ar an bpríomhláithreán.

Athdhearadh bróisiúir *Discover Ireland* le híomhá níos comhaimseartha a thabhairt do thairiscintí saoire baile. I measc na dtionscnamh poiblíochta leanúnacha sa phreas agus ar raidió bhí clár RTÉ *No Frontiers*, a thaispeáin roinnt áiteanna in Éirinn. Chlúdaigh an BBC i dTuaisceart Éireann roghanna taitneamhachtaí in Éirinn freisin ina sraith cláir *Getaways*.

Soláthraíonn an Córas Ábhar Turasóireachta Tourism Content System, bunachar sonraí ceann scríbe a d'fhorbair Fáilte Ireland, eolas anois chuig 14 cainéil éagsúla dáileacháin in Fáilte Ireland agus Tourism Ireland agus tá os cionn 25,000 iontrálacha uile-oileáin aige. Áirítear i measc tionscadail eGhnó eile atá beagnach críochnaithe suímh d'oileáin agus turasóireacht gnó, siúlóidí agus galf agus roinnt suíomhanna contae.

### Taitneamhachtaí, Gníomhaíochtaí Agus Imeachtaí

Seoladh Branda nua Turasóireachta Gnó ar a n-áirítear seastáin nua do thaispeántais agus fearais eile, ina measc bróisiúir dreasachtaí, bróisiúir cruinnithe corparáideacha, DVD ilteangach agus láithreán gréasáin nua idirghníomhach [www.irelandinspires.com](http://www.irelandinspires.com), a sholáthraíonn eolas iomlán ar chomhdhála, cruinnithe corparáideacha agus an dreasacht le taisteal in Éirinn.

Athbhreithníodh os cionn 300 iarratas ar mhaoiniú i rith na bliana seo caite de Thionscnamh Imeachtaí Cultúrtha agus Féilte 2002-2006 agus tugadh tacaíocht do os cionn 274 imeacht trí infheistíocht de os cionn €3.2 milliún a sholáthair do mhargaíocht agus do chlár. Tá cur chuige straitéiseach atá bunaithe ar thorthaí á thabhairt isteach don chéad chéim eile den tionscadal, 2007-2011. Áirítear anseo clár srathaithe infheistíochta agus maoiniú ilbhliantúil.

### Tacaíocht Margaíochta Fo-réigiúnach Agus Idir-réigiúnach

Sholáthraigh Fáilte Ireland maoiniú meaitseáilte i dtreo Tionscadail Interreg IIIA Éireann/Thuaisceart Éireann - Ceann Scríbe an Iarthuaiscirt agus Glens & Lakelands - a bhfuil gníomhaíochtaí margaíochta

iomlán de níos mó ná €2.2 milliún acu araon. Ceadaíodh deontas i gcabhair de €45 milliún do Chlár Interreg IIIA Éireann/An Bhreatain Bheag 2000 - 2006, tionscadail atá maoinithe ag an AE chun comhoibriú trasteorann a chur chun cinn agus a spreagadh. Beidh na tionscadail ar fad críochnaithe faoi 2008.

Seoladh Ciste Margaíochta Turasóireachta nua chun an míchothromaíocht sa turasóireacht chuig agus laistigh de na réigiúin a chur ina cheart agus rinne os cionn 40 grúpaí trádála iarratais ar éirigh leo chuig an gCiste Margaíochta do Cheantair Áitiúla. Bhí tionscadail ar leithligh deartha le breis oícheanta turasóirí a ghiniúint agus pacáistí nua agus nuálacha dírithe ar an tomhaltóir a spreagadh, agus ag an am céanna ag spreagadh an tionscal le gréasáin comhoibríthe inbhuanaithe agus cláir cur chun cinn a chur le chéile.

### Turasóireacht Agus An Comhshaoil

Chuir Fáilte Ireland béim bhreise ar an réimse iomlán turasóireachta le linn 2006. Rinneamar athbhreithniú ar aitheantas agus ar ainmniú tírdhreacha álainne agus bealaí álainne in Éirinn agus ar chleachtas comhshaoil laistigh den tionscal turasóireachta tríd is tríd. Bhí ionchur againn i bpleananna forbartha 18 údarásí áitiúil agus i bpleananna ceantair áitiúla agus cuireadh aighneachtaí ar 43 iarratas pleanála os ár gcomhair lenár mbarúil a thabhairt ina leith. Bronnadh na chéad Ghradaim Éicea-Bhainistíú do ghalfchúrsaí in Éirinn ar Carton House agus ar an K Club agus bronnadh an chéad éicilipéid EU Flower do chóiríochtaí turasóireachta ar 11 soláthróir cóiríochta. Foilsíodh treoir deachleachtas maidir le bainistíú comhshaoil d'fhéilte agus d'imeachtaí cultúrtha.



SEOLANN RÉIGIÚN AN OIRTHIR & LÁR TÍRE BRÓISIÚR GAILF NUA CHUN BOLSCAIREACHT A THABHAIRT DO CHORN RYDER



SEOLANN AN TÁIRE JOHN O'DONOGHUE AN STRAITÉIS SIÚIL I gCILL AIRNE



'OILEÁIN NA HÉIREANN', FEACHTAS OLLMHÓR NUA CHUN TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN CHUIG AN ILIOMAD OILEÁN CREAGACH AGUS ÁLAINN DE CHUID NA HÉIREANN



AN CATHAIREACH NUA-CHEAPHA, RAY MACSHARRY, RÉIGIÚN IARTHUAISCIRT FÁILTE IRELAND, AG BUALADH LEIS AN BHFOIREANN MARGAÍOCHTA TÁIRGÍ AGUS FORBARTHA

## Forbairtí Réigiúnacha

Nasc chúig cinn de na húdaráis Turasóireachta Réigiúnacha a gcuid oibríochtaí feidhme le Fáilte Ireland i mí Iúil 2006, mar chuid d'athbhreithniú leathan ar struchtúir agus ar thacaíochtaí don tionscal turasóireachta agus ag teacht le tuarascáil PricewaterhouseCooper. Bunaíodh Boird Forbartha Turasóireachta Réigiúnacha nua san Oirthear agus i Lár Tíre, san Iardheisceart, san Oirdheisceart, san Iarthar agus san Iarthuaisceart agus ullmhaíodh pleananna oibríochtaí réigiúnacha do 2007. Riachtanais thurasóireachta a thabhairt níos gaire do chroílár an bheartais agus an straitéis náisiúnta turasóireachta an chuspóir a bhí leis an nascadh agus le tacaíochtaí agus seirbhísí níos fearr a sholáthair d'fhorbairt na turasóireachta sna réigiúin.

Is iad seo a leanas roinnt de na príomhforbairtí sna réigiúin idir mí Iúil agus mí na Nollag 2006.

### Fáilte Ireland an Oirthear agus Lár Tíre

Cruthaíodh feachtas mór fógraíochta timpeall ar Chorn Ryder agus taispeáineadh DVD ar ghalf ar eitiltí ar fad trasatlantacha Aer Lingus ó Iúil go Meán Fómhair. Dáileadh os cionn 25,000 treoirleabhair réigiúnacha gailf ag na saoráidí park-and-ride ar na cuairteoirí ar fad a tháinig ag Corn Ryder. Bunaíodh Grúpa Idirghníomhaireachtaí – Fáilte Ireland, Forbairt na Sionainne, Coillte, An tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, Comhairle Chontae Laoise, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, LEADER Laoise agus LEADER Uíbh Fhailí – chun Sliabh Bladhma a fhorbairt mar thairiscint do chuairoteoirí. Thángthas ar chomhaontú comhpháirtíochta le

hUiscebhealaí Éireann chun Lakelands a chur chun cinn agus Abhann na Sionainne a úsáid mar cnámh droma don tairiscint. Fuarthas deontas ollmhór caipitil i gcabhair do Chuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann (iarsmalann capall) agus do Chomhairle Chontae Lú (siúlóid ó Dhroichead Átha go láthair Chath na Bóinne).

### Fáilte Ireland an Iardheiscirt

Bhí béim ar leith ar ghalf i rith thréimhse Chorn Ryder ag ceardlanna trádála, imeachtaí cur chun cinn, turais thrádála agus turais eolais do na meáin, sa bhaile agus thar lear araon, le rannpháirtíocht Fáilte Ireland an Iardheiscirt. Reáchtáladh imeachtaí agus gníomhaíochtaí tábhachtacha lena n-áirítear na AIB Seniors i Sheraton ar Oileán Fota agus Imeacht Ian Botham Pro-Am Golf ag Club Gailf Mórchuid Chiorraí, an Neidín. Foilsíodh treoirleabhar féinchóiríochta 2007 i ndiaidh an DVD nua réigiúnach a tugadh amach, chomh maith le mapaí agus le treoirleabhair réigiúnacha de Chorcaigh agus Ciarraí.

### Fáilte Ireland an Oirdheiscirt

Is í Kathryn Thomas, pearsa de chuid sraith *No Frontiers* RTE, a sheol an chéad DVD réigiúnach riamh. Thacaigh Fáilte Ireland an Oirdheiscirt le Port Láirge ina n-iarracht ar éirigh leo an chéad chéim de Rásaí na Long Ard a reáchtáil in 2011, reáchtáil an chathair na rásaí céanna in 2005. Seoladh an ceathrú Galf phas '3 Club' – The Wexford Coastal Pass.

## Fáilte Ireland an Iarthair

Tá an dara bliain sroichte ag an bhfeachtas fógraíochta Wake up to the West, ar éirigh leis gradaim a bhfuil. Sheol Fáilte Ireland an Iarthair an chéad fhéile agus rása eachtraíochta riamh i gCathair na Mart i gContae Mhaigh Eo i Meán Fómhair agus táthar ag pleanáil imeacht bhliantúil a dhéanamh de as seo amach. Rinneadh forbairt ar bhranda aitheantais nua, láithreán gréasáin agus treoirleabhar do chuairoteoirí le 'Oileáin na hÉireann' a chur chun cinn. Tugadh faoi chlár ollmhór cur chun cinn le hardán a thabhairt do phríomhfhéilte na Gaillimhe, go háirithe Féile Ealaíon na Gaillimhe, Féile Oisrí na Gaillimhe agus Rásaí na Gaillimhe, ag imeachtaí ardíomhá i Londain, i bPáras, i Nua-Eabhrac agus i Chicago.

### Fáilte Ireland a n Iarthuaiscirt

Fuarthas tuilleadh maoinithe ó Chomhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) do dhá thionscadal ollmhóra trasteorann – Tionscadal Ceann Scríbe an Iarthuaiscirt/Glens & Lakelands. Léirigh feachtas náisiúnta teilifíse iomhánna de chósta Dhún na nGall agus na gníomhaíochtaí iontacha agus saoirí teaghlaigh atá ar fáil sa chontae. Tugadh tacaíocht margaíochta do os cionn 60 imeachtaí agus féilte, go speisialta le heolas a thabhairt ar imeachtaí ceoil.

Mar tháta ar an Athbhreithniú seo ar 2006, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach chumainn agus chomhlachtaí ionadaíoch an tionscail a bhfuil dlúthchaidreamh againn leo. Gan dabht, is iomaí dúshlán atá i ndán dúinn d'ainneoin bliain mhaith in 2006, agus creidim go láidir gur chomhpháirtíocht maith oibre leis an tionscal an bealach is fearr le tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le forbairt den scoth a dhéanamh ar thurasóireacht na hÉireann. Mar fhocal scoir, glacaim buíochas le mo chomhghleacaithe in Fáilte Ireland as an obair mhór a rinne siad in 2006 agus tá mé ag tnúth go mór oibriú leo sa bhliain atá amach romhainn.

Shaun Quinn  
Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas Corparáideach

## Rialú Corparáideach

Tacaíonn Fáilte Ireland leis na caighdeáin is airde de rialú corparáideach agus cleachtaíonn iad agus cloítear go sonrach le prionsabail agus treoirlínte infheidhmíthe atá sainmhínte sa Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit.

## Acmhainní Daonna

Amhail an 31 Nollaig 2006, bhí foireann údaraithe Fáilte Ireland comhdhéanta de 405.19 duine lánaimseartha.

## Comhionannas

Is fostóir comhionannas deiseanna é Fáilte Ireland. Feidhmítear gach reachtaíocht chomhionannais chuí san eagraíocht.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cosnaíodh folláine fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta trí chloí go daingean le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an tÚdarás sásta go mbaineann an chuideachta amach forálacha an Ahta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 agus a athsholáthar an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

## Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Ireland 6 iarratas faoin reachtaíocht um Saoráil Faisnéise.

# Gníomhaíocht Oiliúna 2006

	2006	2005
<b>DÍFHOSTAITHE</b>		
Bunscileanna	1,299	1,180
Filleadh ar an Obair	831	1,021
Scaoileadh Lae	28	28
<b>Fo-iomlán</b>	<b>2,158</b>	<b>2,229</b>
<b>COLÁISTE-BHUNAIDH</b>		
Ceird Lánaimseartha	1,400	1,545
An Clár Náisiúnta Printíseachta	550	502
Bainistíocht Lánaimseartha	0	239
Ard/Mhaoirseacht (113)/Ealaíona Cistineacha (98)	211	294
Oideachas do Dhaoine Fásta - Turasóireacht	34	62
Clár Forbartha do Bhainisteoir Faoi Oiliúint	84	94
Clár Bainistíochta Blocscaoileadh	70	76
<b>Fo-iomlán</b>	<b>2,349</b>	<b>2,812</b>
<b>TIONSCAIL-BHUNAIDH</b>		
Forbairt Ghairmiúil (2,943) agus Forbairt Fhiontraíochta (2,455)	5,398	4,808
Dioplóma Turasóireachta Múinteora	9	0
Oiliúint Thar Lear	6	16
<b>Fo-iomlán</b>	<b>5,413</b>	<b>4,824</b>
<b>Mór Iomlán</b>	<b>9,920</b>	<b>9,865</b>



# Comhaltaí an Údaráis



GILLIAN BOWLER


## Thionóil an tÚdarás ocht gcruinniú i rith 2006.

COMHALTA	IOMLÁN	COMHALTA	IOMLÁN
Gillian Bowler	7	Pádraig O Ceidigh	7
Maureen Cairnduff	8	Patrick O'Donoghue	8
Dominic Dillane	7	Páidí O Sé	5
Brian Dowling	8	Catherine Reilly	8
John McDonnell	5	Eithne Scott-Lennon	6
Noel McGinley	8	Richard Bourke	4
Noel O'Callaghan	2		

Nóta:Tháinig Richard Bourke in ionad Mary McKeon an 28 Bealtaine 2006



## Struchtúr Rannach



## Líon Turasóirí agus Ioncam 2006

		2002	2003	2004	2005	2006	06/05±%
<b>An Bhreatain</b>	Líon (000s)	3,452	3,553	3,526	3,640	3,821	5
	Ioncam (€mn)	1,283.3	1,319.1	1,276.1	1,274.2	1,372.4	8
<b>Mórhíir na hEorpa</b>	Líon (000s)	1,378	1,484	1,582	1,903	2,252	18
	Ioncam (€mn)	866.6	885.1	930.4	1,238.6	1,354.5	9
<b>An Ghearmáin</b>	Líon (000s)	288	302	298	402	417	4
	Ioncam (€mn)	181.5	184.3	177.4	237.6	244.6	3
<b>An Fhrainc</b>	Líon (000s)	298	321	297	310	360	16
	Ioncam (€mn)	185.3	147.1	158.3	176.4	199.1	13
<b>An Iodáil</b>	Líon (000s)	157	176	186	190	248	30
	Ioncam (€mn)	110.7	120.9	119.0	124.0	149.4	20
<b>An Ísiltír</b>	Líon (000s)	162	146	151	157	155	-1
	Ioncam (€mn)	85.4	78.1	69.4	80.1	70.8	-12
<b>Tíortha Eile san Eoraip</b>	Líon (000s)	473	539	650	844	1,073	27
	Ioncam (€mn)	303.7	354.7	406.3	620.5	690.6	11
<b>Meiriceá Thuaidh</b>	Líon (000s)	844	892	956	937	1,034	10
	Ioncam (€mn)	709.0	787.2	772.1	738.2	815.1	10
<b>Tíortha Eile Thar Lear</b>	Líon (000s)	245	249	320	284	310	9
	Ioncam (€mn)	228.7	236.4	256.3	235.9	267.1	13
<b>IOMLÁN THAR LEAR</b>	Líon (000s)	5,919	6,178	6,384	6,763	7,417	10
	Ioncam (€mn)	3,087.5	3,227.7	3,234.9	3,486.9	3,809.0	9
<b>Tuaisceart Éireann</b>	Líon (000s)	557	586	569	570	585	3
	Ioncam (€mn)	161.2	175.5	174.1	178.8	190.8	7
<b>Ionlán Lasmuigh den Stát</b>	Líon (000s)	6,476	6,764	6,953	7,333	8,002	9
	Ioncam (€mn)	3,248.7	3,403.2	3,409.0	3,665.7	3,999.8	9
<b>Cuairteanna Aon Lae Thar Lear</b>	Ioncam (€mn)	17.3	20.8	22.0	23.3	30.3	30
<b>Fáltais Iompróirí</b>	(€mn)	723.0	633.0	634.0	583.0	663.0	14
<b>MALARTÚ COIGRÍCHE IOMLÁN</b>	(€mn)	3,989.0	4,057.0	4,065.0	4,272.0	4,693.0	10
<b>Turais Bhaile</b>	Líon (000s)	6,452	6,657	7,001	7,173	7,310	2
	Ioncam (€mn)	849.4	970.9	1,037.2	1,164.5	1,398.3	20
<b>IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN</b>	(€mn)	4,838.4	5,027.9	5,102.2	5,436.5	6,091.3	12

Foinse: CSO/Failte Ireland/NITB

## Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006



# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais. Agus an tÚdarás ag ullmhú na ráitis airgeadais sin éilítear air:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh nó a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údarás agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaos agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a aimsiú.



Gillian Bowler, Cathaoirleach



Catherine Reilly, Comhalta an Údarás

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoireachta, 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Cailteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁS AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoireachta, 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údarás leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údarás.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údarás, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar ríocht ghnóthaí an Údarás ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoireachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Purcell  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
9 July 2007



## Ráiteas Faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Chomhaltaí an Údarás aithním ár bhfreagracht i leith a chinntiú go ndéanfaí cothabháil agus go n-oibreofaí córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéanfaí cosaint ar shócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaráithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad i dtreimhse chaoithiúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chúil i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
